# RÁITEAS UM CHOSAINT LEANAÍ

## (Arna ullmhú i gcomhréir le halt 11 den Acht um Chúram Leanaí, 2015)

## 1. AINM NA SEIRBHÍSE

An Garda Síochána

## 2. CINEÁL NA SEIRBHÍSE AGUS NA BPRIONSABAL CHUN LEANAÍ A CHOSAINT Ó DHÍOBHÁIL

Foráiltear in Alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, an méid seo a leanas:

(1) Is í feidhm an Garda Síochána chun seirbhísí póilíneachta agus slándála, seirbhísí grinnfhiosrúcháin san áireamh, a sholáthar don Stát agus é mar chuspóir an méid seo a leanas a dhéanamh —

- (a) an tsíocháin agus ord poiblí a chaomhnú,
- (b) beatha agus maoin a chosaint,
- (c) cearta daonna gach duine aonair a dheimhniú,
- (d) slándáil an Stáit a chosaint,
- (e) cosc a chur ar choireacht,
- (f) an dlí a chur ar choirpigh, tríd an gcoireacht a bhrath agus a imscrúdú, agus
- (g) trácht ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre.

(2) Ar mhaithe leis an gcuspóir a bhaint amach dá dtagraítear i bhfo-alt (1), comhoibreoidh an Garda Síochána, faoi mar is cuí, le Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile stáit, a leagann an dlí freagracht orthu as aon cheist a bhaineann le haon ghné den chuspóir sin.

Tá freagracht agus dualgas cúraim ar an bpearsanra atá fostaithe ag an nGarda Síochána lena chinntiú go bhfuil gach leanbh a gcuirtear an tseirbhís ar fáil dó/di slán agus cosanta ó dhíobháil, faoi mar a shainítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Cloíonn an Garda Síochána, mar gheall ar a bhunchineál, leis an reachtaíocht chun an riosca i leith leanaí a mhaolú. Leagann seo an bhunchloch faoi cháipéisí beartais agus treoirlíne laistigh den eagraíocht. Baineann na beartais agus nósanna imeachta a dtugtar cuntas orthu sa Ráiteas um Chosaint Leanaí seo leis an bpearsanra go léir atá fostaithe ag an nGarda Síochána lena chinntiú go soláthraítear an leibhéal is airde de chosaint leanaí.

**Tá an Garda Síochána tiomanta do leanaí a chosaint agus tugann sé aird, ar an gcuspóir seo, ar chearta daonna, ar fhorálacha ábhartha Bhunreacht na hÉireann agus ar na forálacha ábhartha reachtaíochta.**

## 3. MEASÚNÚ RIOSCA

Tugadh faoi mheasúnú riosca cuimsitheach chun rioscaí féideartha a shainaithint a d'fhéadfadh teacht aníos i leith leanaí nuair a idirghníomhaíonn siad leis an nGarda Síochána, agus cuireann seo faisnéis ar fáil don Ráiteas um Chosaint Leanaí seo.

| Aithníodh baol díobhála do: | | An Nós Imeachta atá i bhFeidhm chun Baol a Aithníodh a Bhainistiú |
|---|---|---|
| 1 | **Leanaí a idirghníomhaíonn le comhaltaí an Gharda Síochána, atá ag gníomhú i gcaitheamh dóibh tabhairt faoina ndualgais.** | • An Cód Eitice don Gharda Síochána.<br>• Oiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí.<br>• Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána.<br>• Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne Thiomnaithe agus Aonaid Cosanta Leanaí Thiomnaithe.<br>• Sainagallóirí Fóiréinseacha Tiomnaithe.<br>• Athbhreithnithe leis an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána<br>• Reachtaíocht, beartais, prótacail, nósanna imeachta agus cáipéisí treoirlíne maidir le tuairisciú, fógairt, agallamh agus imscrúdú a dtugtar cuntas mionsonraithe orthu sa mheasúnú riosca iomlán ar dhíobháil atá á choimeád ag Aonad Náisiúnta Cosanta Leanaí Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta.<br>• Treoirlínte an Gharda Síochána maidir le hidirghníomhú le leanaí. |
| 2 | **Baol do leanaí i gcúram/faoi choimeád an Gharda Síochána ó dhaoine eile a úsáideann Seirbhís an Gharda Síochána.** | • Déantar leanaí a scaradh ó dhaoine eile fad a bhíonn siad i stáisiúin an Gharda Síochána stáisiúin, a mhéid agus is indéanta, leis an mbaol a sheachaint go ndéanfar díobháil dóibh.<br>• Rialacháin an Achta um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána) 1987 agus 2006.<br>• Measúnú Riosca ar Thaifead Coimeádta an Gharda Síochána a thabhairt isteach.<br>• An nós imeachta agus treoirlínte taifeadta a bhaineann le leanaí i gcúram an Gharda Síochána. |
| 3 | **An baol i leith Leanaí a ghlacann páirt i gcláir óige a eagraíonn an Garda Síochána** | • Oiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí a chur ar gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige agus Garda Pobail.<br>• Oifig Náisiúnta Thionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.<br>• Reachtaíocht, beartais, prótacail, nósanna imeachta agus cáipéisí treoirlíne maidir le tuairisciú, fógairt, agallamh agus imscrúdú. |
| 4 | **An baol i leith Leanaí nár aithin nó nár thug comhalta den Gharda Síochána nó foireann an Gharda Síochána a riachtanais le fios** | • Soláthraíodh roinnt cáipéisí faisnéise maidir le Tús Áite do Leanaí don phearsanra laistigh den Gharda Síochána.<br>• Tá Oiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána i rith Oiliúint Promhóra nó trí oiliúint a sholáthraítear trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.<br>• An Oiliúint Ríomhfhoghlama éigeantach "Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí" a chur ar gach comhalta den Gharda Síochána. |

## 4. NÓSANNA IMEACHTA

Forbraíodh Ráiteas um Chosaint Leanaí an Gharda Síochána ar aon dul leis na ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017). Anuas ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú, a shonraítear thuas, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas le leanaí a chosaint a dhéanann teagmháil leis an nGarda Síochána:

- Tá gach comhalta den Gharda Síochána faoi réir imscrúdú i ndiaidh go ndéantar líomhaintí i leith mí-úsáid linbh i gcomhréir leis an dlí coiriúil, Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, agus Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín), 2007, arna leasú.
- Tá gach comhalta an Gharda Síochána faoi réir grinnfhiosrúcháin ar iarratas tosaigh a dhéanamh, ar a gceapadh.
- Cuirtear Oiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí ar gach comhalta den Gharda Síochána i rith Oiliúint Promhóra nó trí oiliúint trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.
- Cuirfear gach buairt faoi chosaint agus leas leanaí is eol don Gharda Síochána in iúl do Tusla i gcomhréir leis an gComh-Phrótacal Oibre d'Idirchaidreamh an Gharda Síochána/ Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- Daoine faoi shainordú iad comhaltaí uile an Gharda Síochána. Daoine faoi shainordú iad gach ball foirne den Gharda Síochána a fhostaítear mar lia-chleachtóirí cláraithe, altraí, síceolaithe, agus múinteoirí.
- Is é an duine ábhartha chun críocha an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 an Ceannfort Bleachtaireachta, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (an tAonad Náisiúnta Cosanta Leanaí) GNPSB@garda.ie.

## 5. CUR I BHFEIDHM

Tá an Garda Síochána tiomanta don Ráiteas um Chosaint Leanaí seo agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm atá i bhfeidhm a thacaíonn leis an tiomantas chun leanaí a choimeád sábháilte ó dhíobháil fad a gcuirtear ár seirbhís ar fáil dóibh. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo roimh an 1 Iúil 2026, nó a luaithe is indéanta i ndiaidh go dtagann athrú ábhartha ar aon cheist dá dtagraíonn an ráiteas.

**Coimisinéir an Gharda Síochána**

**Má bhíonn ceisteanna agat, déan teagmháil, le do thoil, leis an 'Duine Ábhartha' chun críocha an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015: An Ceannfort Bleachtaireachta, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (An tAonad Náisiúnta Cosanta Leanaí)**